

## Cad atá i gceist le Sprioc 5: Comhionannas Inscne?

### Stór Focal

Focal	Cad is brí leis
Tíortha i mBéal Forbartha	Tíortha bochta atá ag déanamh iarracht a ngeilleagar a fhás agus a sochaí a fheabhsú

Is ceist an-tábhachtach i saol an lá inniu é an comhionannas inscne. Ciallaíonn comhionannas inscne gurb iad na cearta (saoirsí bunúsacha) céanna atá ag buachaillí agus fir agus atá ag cailíní agus mná, agus go gcaitear go cothrom leo. Ba chóir go mbeadh gach duine, is cuma fear nó bean, buachaill nó cailín, in ann cógas a fháil agus dul chuig an dochtúir más gá sin, ba cheart go mbeadh gach duine in ann dul ar scoil agus oideachas ardchaighdeáin a fháil, agus ba cheart go mbeadh gach duine in ann post maith a fháil ar íocaíocht chóir.

Ceann de na réimsí a ndíríonn Cúnamh Éireann, clár rialtas na hÉireann, air is ea an Comhionannas Inscne. Déanann sé an obair sin sna cláir atá á rith aige i dtíortha i **mbéal forbartha** ar fud an domhain, áit nach ionann in aon chor cáilíocht bheatha na bhfear agus na mbuachaillí agus cáilíocht bheatha na mban agus na gcailíní.

### FAOI NA CLÁIR SIN, DÉANTAR IARRACHT FÉACHAINT CHUIGE:

- Go bhfaigheann mná an cúnamh leighis go léir a theastaíonn uathu, go háirithe agus iad ag tabhairt páistí ar an saol
- Go dtugtar tacaíocht do chailíní chun tosú ag dul ar scoil agus fanacht ar scoil
- Go múintear do mhná agus do chailíní conas ríomhairí agus teicneolaíocht eile a úsáid
- Gur féidir le mná a ndóthain airgid a thuilleamh chun iad féin agus a dteaghlaigh a chothú
- Gur féidir le mná seasamh i dtoghcháin áitiúla agus i dtoghcháin náisiúnta

### Má bhaintear amach Comhionannas Inscne:



Beidh cailín agus buachaillí in ann na poist, na caithimh aimsire agus na hábhair spéise chéanna a bheith acu. Faoi dheireadh tá súil againn an domhan a bheith sa riocht nach mbeidh duine ar bith ag smaoineamh *sin post buachalla* nó *is iad na cailíní amháin ar maith leo an dath sin*, ná a leithéidí.



Gheobhaidh cailíní agus buachaillí oideachas ar an gcaighdeán céanna



Gheobhaidh mná agus fir an pá céanna ar an bpost céanna



Aithneoidimid go léir a thábhachtaí atá sé aire a thabhairt don teaghlach agus don teach



Spreagfaimid go léir mná agus cailíní chun ról a ghlacadh lasmuigh den bhaile, sa rialtas nó i saol an ghnó, mar shampla



Seasfaimid go léir ar son na gceart sin, le chéile